# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011**

## LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL
**(300 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 22 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  | | | |
  |---|---|---|
  | Grúpa I | : | Na Topaicí 1 go 4 |
  | Grúpa II | : | Na Topaicí 5 go 7 |
  | Grúpa III | : | Na Topaicí 8 go 10 |

- Tá ar iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC** mar seo a leanas:
  Is gá topaic amháin a roghnú as *gach* ceann de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Tá ar iarrthóirí **SÉ CHEIST** a fhreagairt mar leanas as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:

  Ní mór d'iarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.

- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad le fáil ar pháipéar leis seo atá marcáilte le **X**.

## GRÚPA I: Na Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.**

(i) " ... agus maidir lenar fhulaing na daoine, bhí an chuma air go raibh sé thar chumas an nádúir dhaonna é a sheasamh." (Túicídidéas, *Stair Chogadh na Peilipinéise*)

(a) Déan cur síos ar conas a chuaigh Plá Mhór na bliana 430 R.Ch. i bhfeidhm ar mhuintir na hAithne. (35)

(b) Conas a léiríonn cuntas Thúicídidéas ar an bPlá a chuid cáilíochtaí mar staraí? (15)

(ii) (a) Tabhair cuntas ar bhua na Spartach ag Cath Mantinea. (40)

(b) Cén fáth a raibh bua na Spartach ag Mantinea chomh tábhachtach sin don Rí Agis? (10)

(iii) "Ní i ngeall ar aon locht a bhain leis an bhfiontar é féin a tharla an teip, ach go huile is go hiomlán i ngeall ar an gcéad bhotún a rinneadh nuair a ceapadh Nicias." (Bury agus Meiggs)

Pléigh an tuairim sin gur i ngeall ar laigí Nicias mar cheannaire a tharla an toradh tubaisteach ar an bhFeachtas chun na Sicile. (50)

(iv) Pléigh tábhacht ról na bPeirseach i gcéimeanna deiridh Chogadh na Peilipinéise. (50)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.**

(i) Cad atá le foghlaim againn faoi Alastar ón déileáil a bhí aige leis na mná a bhí ina shaol? Déan tagairt do na téacsanna dualgais i do fhreagra. (50)

(ii) "I gcúrsaí míleata, ba é Dáirias an fear ba laige agus ba mhí-éifeachtaí." (Airrianas, *Feachtas Alastair*)

(a) An aontaíonn tú le breithiúnas seo Airrianas ar Dháirias? Déan tagairt do na téacsanna dualgais mar thacaíocht le do fhreagra. (30)

(b) Déan cur síos ar conas mar a fuair Dáirias bás. (20)

(iii) (a) Cén fáth ar bhain an oiread sin tábhachta d'Alastar le gabháil Charraig Aornos? (10)

(b) Déan cur síos ar conas a sháraigh ardéirim Alastair mar cheannaire na dúshláin a thug an daingean docht seo. (40)

(iv) (a) Déan cur síos ar conas a d'éirigh le hAlastar Abhainn Hiodaispéas a thrasnú gan aon chur ina choinne. (20)

(b) Déan anailís ar na fáthanna ar bhuaigh Alastar ar Phóras i gCath Hiodaispéas. (30)

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

(i) (a) Cén tuairim faoi charachtar Chaitilíne a fhaigheann tú ó na téacsanna dualgais a léamh? (30)

(b) Tabhair cuntas gairid ar conas a chuir Ciceаró deireadh leis an gComhcheilg Chaitilíneach. (20)

(ii) Tar éis duit na dánta dualgais de chuid Chatallus a léamh, pléigh conas a chaith sé le téamaí an ghrá agus an chaillte. (50)

(iii) (a) Le linn thréimhse na Poblachta Déanaí, mínigh conas a tharla go raibh foghlaithe mara ina mbagairt mhór ar an Róimh. (15)

(b) Conas a d'éirigh le Poimpéas deireadh a chur leis an mbagairt sin? (25)

(c) Cad iad na cáilíochtaí a léirigh Poimpéas san eachtra seo? (10)

(iv) Tar éis duit Plútarc a léamh, pléigh na tosca ba chúis le turnamh Phoblacht na Róimhe. (50)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha**

(i) (a) Tabhair cuntas ar ghníomhréim Shéánas le linn réimeas an Impire Tibir. (35)

(b) Mínigh conas, dar leat, a d'éirigh le Séánas an oiread sin tionchair a bheith aige ar an Impire. (15)

(ii) Impirí de chuid na Róimhe ba ea Tibir agus Cláidias. Ón léamh atá déanta agat ar na téacsanna dualgais, cé acu impire den bheirt ab fhearr, dar leat, mar rialtóir ar Impireacht na Róimhe? Déan tagairt i do fhreagra don **bheirt** impirí.

(50)

(iii) (a) Tabhair breac-chuntas ar an ról a d'imir Livia i mbeatha Ágastas agus Thibir. (40)

(b) Agus í bunaithe ar a bhfuil léite agat de *Na hAnnála*, cén tuairim a bhí ag Tacatas faoi Livia, dar leat? Mínigh do fhreagra go hachomair. (10)

(iv) Tar éis duit na téacsanna dualgais a léamh, scríobh anailís ar charachtar Ágastas. (50)

---

## GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.**

(i) "Ní féidir leat a bheith comhionann leis na déithe ... ach cuirimid sa chéad áit thú go deimhin i measc daoine." (Sofaicléas, *Éideapús Rí*).

(a) Cén fáth a bhfuil meas chomh mór sin ag muintir na Téibhe ar Éideapús? (20)

(b) An aontaíonn tú gur chuir cáilíochtaí breátha Éideapús lena thurnamh? Déan tagairt don dráma mar thacaíocht le do fhreagra. (30)

(ii) Scríobhadh agus léiríodh an dráma *Na Froganna* nuair a bhí an Aithin i mbun cogaíochta le Sparta. Cén chomhairle faoin gcogadh a chuir Aristophanes ar mhuintir na hAithne trí mheán na gcarachtar agus an chóir sa dráma? (50)

(iii) Tar éis léamh duit faoi na teagmhálacha idir Iasón agus Méide sa dráma *Méide* le hEoiripidéas, déan anailís ar na gnéithe de charachtar Iasón a chuir lena thurnamh. (50)

(iv) " ... an duine nach bhfuil ina bheatha ach lá." (Aescaileas, *Proiméitéas Faoi Chuibhreach*)
Pléigh na tuairimí faoin gcine daonna a nochtann na carachtair sa dráma seo le hAescaileas. (50)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa**

(i) (a) Tabhair cuntas gairid ar chónaí Odaiséas i measc mhuintir Phaeacia san *Odaisé* le Hóiméar. (30)

(b) Diúltaíonn Odaiséas don tairiscint chun fanacht in Phaeacia. Cad iad na gnéithe de shaol mhuintir Phaeacia nach n-oireann do Odaiséas, dar leat? (20)

(ii) (a) Tabhair breac-chuntas ar ról Anchises sna Leabhair 2 go 6 den *Aeinéid* le Veirgil. (25)

(b) Pléigh an tábhacht a bhaineann le haithreacha san *Aeinéid* le Veirgil. (25)

(iii) Mínigh cad iad na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir na turais mhara a rinne Odaiséas san *Odaisé* le Hóiméar agus na turais mhara a rinne Aeinéas san *Aeinéid* le Veirgil. (50)

(iv) Déan comparáid idir na gnéithe den *Táin* agus den *Odaisé* le Hóiméar atá ina n-eiseamláirí tipiciúla den eipic phríomha (an eipic ó bhéal). (50)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

(i) (a) Tar éis duit na dánta le Proipeirtias atá ar do chúrsa a léamh, cad a d'fhoghlaim tú faoina dhearcadh ar an ngrá? (35)

(b) Cén fhianaise ar fhéith an ghrinn a d'aimsigh tú i bhfilíocht Phroipeirtias? Déan tagairt do na dánta dualgais mar thacaíocht le do fhreagra. (15)

(ii) Tar éis duit na sleachta dualgais a léamh, cad iad na cáilíochtaí is mó a bhfuil meas ag Livias orthu sna luath-Rómhánaigh. (50)

(iii) (a) Déan cur síos ar ar tharla do Horáit ar *An Turas go Bruindísiam*. (35)

(b) Cad a léiríonn an dán seo faoi charachtar Horáit? (15)

(iv) Scríobhadh *Ainnise ar Deoraíocht* le hÓivid tar éis gur díbríodh é go dtí an Mhuir Dhubh in AD 8.

(a) Conas a chuireann Óivid síos ar a ainnise féin? (25)

(b) Déan comparáid idir giúmar Óivid sa dán seo agus a ghiúmar i ndánta eile dá chuid atá ar do chúrsa. (25)

---

## GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

(i) (a) Sainaithin an cineál vása a léirítear i **bhFótagraf A** ar **Pháipéar X** agus abair cén fheidhm a bhí aige.(10)

(b) Ainmnigh péintéir an vása seo. (5)

(c) Déan cur síos ar an radharc a léirítear ar an vása agus déan trácht ar a cháilíochtaí ealaíne. (15)

(d) Tabhair cuntas achomair ar an teicníocht a úsáideadh i dtáirgeadh Vásaí Dubhfhíoracha. (20)

(ii) Léiríonn **Fótagraf B** ar **Pháipéar X** amharclann Ghréagach.

(a) Cá bhfuil an amharclann seo suite? (5)

(b) Ainmnigh ailtire na hamharclainne seo. (5)

(c) Mínigh na téarmaí: *Skene, Orchestra, Parados, Theatron*. (20)

(d) Cad iad na bealaí ina mbíodh an amharclann seo oiriúnach chun an drámaíocht a léiriú sa tSean-Ghréig? (20)

(iii) Léiríonn **Fótagraf C** ar **Pháipéar X** steil.

(a) Cén fheidhm a bhí ag steil? (5)

(b) Tabhair cur síos iomlán ar an bpíosa seo. (25)

(c) Ainmnigh an tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an steil seo. (5)

(d) Cad iad na gnéithe den steil seo atá ina n-eiseamláirí tipiciúla den tréimhse sin? (15)

(iv) (a) Ainmnigh an dealbh a léirítear i **bhFótagraf D** ar **Pháipéar X**. (5)

(b) Cén cuspóir a bhí aici? (5)

(c) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (5)

(d) Cad iad na gnéithe den dealbh seo atá ina n-eiseamláirí tipiciúla dá tréimhse? (20)

(e) Déan cur síos ar an modh "tollteilgin" a úsáidtear chun dealbha cré-umha a dhéanamh. (15)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

(i) (a) Tabhair breac-chuntas ar an "miotas iontach" ar mhian le Sócraitéas go gcreidfeadh saoránaigh a stáit idéalaigh é. (25)
(b) De réir Shócraitéas, cén fáth a bhfuil gá leis an "miotas iontach"? (10)
(c) An dóigh leat go bhfuil an ceart ag Sócraitéas miotas sin a úsáid chun na saoránaigh a mhealladh? (15)

(ii) Cén tuairim a fuair tú faoi charachtar Phlatón tar éis duit *Beatha Dion* le Plútarc a léamh? (50)

(iii) Ina *Phoblacht*, mhol Platón go gcuirfí cosc le roinnt scéalta in oideachas leanaí.

(a) Cad iad na scéalta ar mhian le Platón cosc a chur leo? (15)
(b) Cén t-údar a thugann Platón le cosc a chur leis na scéalta sin? (20)
(c) An aontaíonn tú le Platón? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iv) (a) Sa *Phoblacht* le Platón, cén argóint a dhéanann Sócraitéas go bhfuil an Stát Idéalach indéanta? (35)
(b) An aontaíonn tú le Sócraitéas? Mínigh do fhreagra. (15)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

(i) Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** plean de bhaile Phoimpé.

(a) Ainmnigh na gnéithe a léirítear ag **a, b, c, d, e**. (15)
(b) Agus an plean á úsáid agat, mínigh conas a tháinig forbairt ar Phoimpé ón lonnaíocht níos luaithe go dtí an baile Rómhánach atá ar an bplean. (15)
(c) Cad iad na cineálacha siamsaíochta agus gníomhaíochtaí caitheamh aimsire a bhí ar fáil d'áitritheoirí Phoimpé? (20)

(ii) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** an amharclann ag Orange.

(a) Cén chuid den amharclann a léirítear anseo? (5)
(b) Cad iad na bealaí ina bhfuil an amharclann ag Orange ina heiseamláir thipiciúil d'amharclann Rómhánach? (20)
(c) Cad iad na príomhdhifríochtaí atá idir amharclann Ghréagach agus amharclann Rómhánach? (15)
(d) "D'fhéadfadh scáthbhrait foscadh a thabhairt, nuair ba ghá, d'amharclann mhór."(Wheeler), Cén fhianaise atá ar fáil go mbíodh scáthbhrait in amharclann Rómhánach? (10)

(iii) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** dealbh bhrád d'Impire Rómhánach.

(a) Ainmnigh an t-impire. (5)
(b) Cén fáth ar léiríodh an t-impire agus craiceann leoin á chaitheamh aige agus cleith á hiompar aige? (10)
(c) Cad iad na gnéithe de charachtar an impire a léirítear sa dealbh bhád? (20)
(d) Cén difríocht atá idir an phortráid seo agus an léiriú ar an Impire Ágastas atá ar an Ara Pacis? (15)

(iv) Léiríonn **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** péintéireacht bhalla ó Herculaneum.

(a) Déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa phéintéireacht seo. (15)
(b) Dar leat, cad tá I gceist ag Wheeler nuair a scríobhann sé faoi "stíl rí-impriseanaíoch" na péintéireachta seo? (15)
(c) Obair "den dara grád" í an phéintéireacht Rómhánach, ar an mórchóir (Woodford). Ón staidéar atá déanta agat ar an bpéintéireacht Rómhánach, an aontófá leis an ráiteas seo? (20)

---

Leathanach Bán

Leathanach Bán